# Tíreolaíocht na Sraithe Sóisearaí: Briathra Gnímh

**Anailísigh:**

staidéar nó scrúdú a dhéanamh ar rud go mion, rud a mhiondealú chun na bunghnéithe nó an bunstruchtúr a nochtadh; codanna agus coibhneasa a shainaithint agus fianaise a léirmhíniú chun teacht ar chonclúidí

**Cuir síos:**

pictiúr nó íomhá mhionsonraithe a fhorbairt ar struchtúr nó ar phróiseas, mar shampla, ag úsáid focal nó léaráidí mar is cuí; plean, ionsamhlú nó mionsamhail a chruthú

**Dealaigh:**

an fáth a bhfuil rud éagsúil a aithint nó a oibriú amach

**Déan comparáid:**

cuntas a thabhairt ar na cosúlachtaí nó na difríochtaí idir dhá rud nó cás (nó níos mó), ag tagairt don dá cheann acu/dóibh uile síos tríd

**Idirdhealaigh:**

na difríochtaí idir dhá choincheap nó dhá rud nó níos mó a dhéanamh soiléir

**Iniúch:**

breathnú, staidéar, nó mionscrúdú córasach a dhéanamh, chun fíricí a chinntiú agus teacht ar chonclúidí úra

**Léirmhínigh:**

eolas agus tuiscint a úsáid chun treochtaí a aithint agus teacht ar chonclúidí ó fhaisnéis a thugtar

**Meas:**

saintréith, cumas, nó cáilíocht ruda a mheasúnú nó breithiúnas a thabhairt ina thaobh

**Meas (cuimhnigh ar)**

cur síos a dhéanamh ar phatrúin i sonraí; eolas agus tuiscint a úsáid chun patrúin a léirmhíniú, tuartha dhéanamh agus iontaofacht a sheiceáil

**Measúnaigh (breithiúnas eiticiúil):**
fianaise a bhailiú agus a scrúdú chun breithiúnais agus breithmheas a dhéanamh; cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a dtacaíonn nó nach dtacaíonn fianaise le breithiúnas; srianta fianaise i gconclúidí a shainaithint; breithiúnais a dhéanamh faoi smaointe, faoi réitigh nó faoi mhodhanna

**Measúnaigh (sonraí):**
sonraí a bhailiú agus a scrúdú chun breithiúnais agus breithmheas a dhéanamh; cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a dtacaíonn nó nach dtacaíonn fianaise le conclúid i bhfiosrúchán nó in iniúchadh; srianta sonraí i gconclúidí a shainaithint; breithiúnais a dhéanamh faoi smaointe, faoi réitigh nó faoi mhodhanna

**Mínigh:**

mionchuntas a thabhairt lena n-áirítear fáthanna nó cúiseanna

**Rangaigh:**

rudaí a chur i ngrúpaí bunaithe ar thréithe comónta

**Sainaithin:**

patrúin, fíricí nó sonraí a aithint; freagra a sholáthar ó roinnt féidearthachtaí; fíoras nó gné shainiúil a aithint agus a lua go hachomair

**Scrúdaigh:**

argóint nó coincheap a mheas ar bhealach a nochtann toimhdí agus caidrimh na saincheiste

**Sintéisigh:**

smaointe difriúla, sonraí agus eolas a thabhairt le chéile, san fhoirm scríofa nó i bhfoirm eile, chun smaoineamh nua a chur le chéile nó chun tuiscint a fhairsingiú

**Úsáid:**

eolas nó rialacha a chur i bhfeidhm chun teoiric a chur i ngníomh

CC BY NC